



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2012

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Eacnamaíocht Talmhaíochta

Gnáthleibhéal

AN ARDTEISTIMÉIREACTH 2012

EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – GNÁTHLEIBHÉAL

SCÉIM MHARCÁLA AGUS NÓTAÍ TACAÍOCHTA

Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Mharcála.

Agus an scéim mharcála á meas ba chóir na pointí a leanas a thabhairt ar aird:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach nó cinntitheach.
- I gcuid mhaith cásanna d'fhéadfadh go mbeadh eochairfhrásaí, a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé na marcanna sannta, sna nótaí tacaíochta.
- Déantar pointí iomchuí breise a chuireann iarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.
- Cinntítear an mionsonrú a theastaíonn i bhfreagra ar bith tríd an gcomhthéacs agus tríd an mbealach ina gcuirtear an cheist, agus trí líon na marcanna a shanntar don fhreagra ar an bpáipéar scrúdaithe. Is féidir, mar sin, go n-athróidh riachtanais ó bhliain go bliain.

CUID I (120 marc)

20 CEIST – 15 CHEIST LE FREAGAIRT.

TÁ NA CEISTEANNA AR FAD AR AON MHARC (8 MARC)

Scéim Mharcála Imlíne

- | | | | |
|------------|----------------------|------------|----------------------|
| 1. | 8 marc | 11. | 2 @ 4 mharc an ceann |
| 2. | 8 marc | 12. | 3 + 3 + 2 mharc |
| 3. | 2 @ 4 mharc an ceann | 13. | 8 marc (4 + 4) |
| 4. | 3 + 3 + 2 mharc | 14. | 8 marc |
| 5. | 8 marc (4 + 4) | 15. | 8 marc |
| 6. | 8 marc (4 + 4) | 16. | 8 marc (4 + 4) |
| 7. | 8 marc (4 + 4) | 17. | 8 marc (4 + 4) |
| 8. | 8 marc (4 + 4) | 18. | 8 marc (4 + 4) |
| 9. | 8 marc (4 + 4) | 19. | 8 marc (4 + 4) |
| 10. | 8 marc | 20. | 8 marc (4 + 4) |

CUID II (200 Marc)

6 CHEIST – 4 CHEIST LE FREAGAIRT AG 50 MARC AN CEANN

1. (a) Aiseanna 2 @ 2 mharc
Cuir 2 @ 2 mharc
Pointe cothromaíochta 2 mharc 10
- (b) Míniúchán @ 8 marc (4 + 4) 8
- (c) (i) Míniúchán 5 mharc (3m + 2m)
Léaráid 3 mharc 8
(ii) Míniúchán 5 mharc (3m + 2m)
Léaráid 3 mharc 8
(iii) Míniúchán 5 mharc (3m + 2m)
Léaráid 3 mharc 8
- (d) Dhá thionchar eacnamaíochta @ 4 mharc an ceann 8

[50 marc]

2. (a) (i) Míniúchán 5 mharc 5
(ii) 2 bhuntáiste @ 6 mharc an ceann (3m + 3m) 12
(iii) 2 thoisc @ 6 mharc an ceann (3m + 3m) 12
- (b) Trí phrionsabal a bhaineann le comharchumainn
@ 5 marc an ceann (2m + 3m) 15
- (c) Míniúchán ar mhargadh nideoige @ 4 mharc
Sampla @ 2 mharc 6

[50 marc]

3. (a) Costas Imeachallach and Ioncam Imeachallach
2 @ 8 mharc an ceann 16
- (b) Léaráid 8 mharc 8
- (c) Míniúchán 12 mharc 12
- (d) Míniúcháin: 2 @ 5 mharc
Samplaí: 2 @ 2 mharc 14
- [50 marc]**
4. (a) Áirimh 34 marc 34
- (b) Ceithre shampla @ 4 mharc an ceann 16
- [50 marc]**
5. (a) (i) Caidreamh leis an mbanc 6 m (3m + 3m)
(ii) 2 shlí chun feabhas a chur air
@ 4 mharc an ceann 14
- (b) (i) 2 chúis @ 6 mharc an ceann
(ii) Míniúchán 8 marc 20
- (c) (i) 2 rogha @ 4 mharc an ceann
(ii) 2 dheacracht @ 4 mharc an ceann 16
- [50 marc]**
6. (a) 2 chuspóir @ 8 marc an ceann 16
- (b) Dúshlán eacnamaíoch amháin: 8 marc
Dúshlán comhshaoil amháin: 8 marc 16
- (c) 3 thionchar @ 6 mharc an ceann 18
- [50 marc]**

EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA 2012

GNÁTHLEIBHÉAL

NÓTAÍ TACAÍOCHTA

CUID I (120 marc)

1. Tagraíonn conacra do thalamh talmhaíochta a thógáil ar cíos ar feadh tréimhse:
(Cuir tic (✓) sa bhosca cuí.)

11 mhí 12 mhí 24 mhí


2. Is é a thugtar ar an sciar de chaipiteal a bhíonn ag teastáil chun innealra, trealamh agus foirgnimh feirme a chur in áit a leithéidí atá seanchaite ná

Dímheas.

3. “Ní hacmhainn don fheirmeoir a sholáthróidh níos mó bainne ná mar a cheadaíonn a c(h)uóta dó/dí, neamhaird a thabhairt ar bhagairt an fhorthobhaigh idir seo agus an bhliain 2015.”
Mínigh (i) bagairt an fhorthobhaigh agus (ii) tábhacht na bliana 2015.

- (i) Is fineáil é an forthobhach a ghearrtar ar tháirgeoirí bainne nuair a sháraítear an cuóta bainne náisiúnta.
(ii) Tiocfaidh deireadh leis an gcuóta bainne in 2015.

4. Léiríonn an pícháirt thíos beostoc an gheilleagair náisiúnta (eallach, caora, muca) i Nollaig na bliana 2009 de réir a méid choibhneasta. Sa bhosca thíos, scríobh cé acu earnáil den bheostoc a seasann A, B agus C di.



A	B	C
Caora	Eallach	Muca

5. Cé gur tháinig méadú suntasach ar phraghas na muiceola le linn na bliana 2011, níor tháinig feabhas ar chúinsí na bhfeirmeoirí muc. Mínigh cúis **amháin** atá leis seo.

D'fhreagair an méadú sna costais ionchuir don mhéadú i bpragsanna muiceola.

6. Thart ar €1.6 billiún in aghaidh na bliana an fáiltas talmhaíochta a fhaigheann Éire ón AE, agus faightear thart ar €1.3 billiún den mhéid sin mar ‘íocaíocht aonair feirme’. Míneadh ‘íocaíocht aonair feirme’.

Íocann Scéim na hÍocaíochta Aonair Feirme feirmeoirí don talamh a dhéanann siad a bhainistiú nó atá faoina n-úinéireacht. Is féidir le feirmeoirí éileamh a chur isteach i leith gach bliana, bunaithe ar a dtalamh agus ar a dteidlíochtaí. Chun go gcáileoidh feirmeoirí d’íocaíochtaí faoin scéim, caithfidh siad caighdeáin Chros-Chomhlíonta a chomhlíonadh.

7. Is é praghasleasteachas an éilimh (PED i mBéarla) ar mhairteoil ná -1.5. Dá rachadh méadú 10% ar an bpraghas, thiofadh **laghdú 15%** ar an gcainníocht a éilítear.
8. I Samhain 2011 bhí an ráta dífhostaíochta ag 14.5% (staitisticí POS). Luaigh slí **amháin** a mbíonn tionchar eacnamaíoch ag an ráta an-ard dífhostaíochta seo ar an bhfeirmeoireacht.

**Deacair d’fheirmeoirí poist pháirtaimseartha a fháil.
Téann oibríthe feirme ócáideacha ar eisimirce.**

9. Ainmnigh an luach saothair / íocaíocht a shaothraíonn gach ceann de na Tosca Táirgthe seo a leanas:

Toisc	Luach saothair / Íocaíocht
TALAMH	Cíos
CAIPITEAL	Ús

10. Is é an céatadán measta de tháirgeadh déiríochta uile na hÉireann a easpórtáladh sa bhliain 2010 ná:

(Cuir tic (✓) sa bhosca cuí.)

10% 50% 80%

11. Cuireann feidhm an táirgthe síos ar an gcoibhneas idir **táirgí** agus **tosca**.

12. Líon isteach na **trí** phríomhghné eile den chumasc margaíochta sna spásanna thíos:

TÁIRGE	PRAGHAS	TIONSCNAMH	ÁIT
--------	---------	------------	-----

13. Bunaíodh an Eagraíocht Dhomhanda Trádála sa bhliain 1995. Luaigh an príomhchuspóir atá aici.

Saorthrádáil a chur chun cinn trína chur ina luí ar thíortha fáil réidh lena dtaraifí iompórtála agus lena mbacainní eile.

14. Déantar staid airgeadais fadtéarma na feirme a thomhas leis an gcóimheas fiachais / **cothromais**.

15. De réir an tSuirbhé Náisiúnta Feirme a rinne Teagasc, ba é an meán-ioncam feirme in Éirinn sa bhliain 2010 ná:

(Cuir tic (✓) sa bhosca cuí.)

€18,000 €32,000 €54,000

16. Thug an tAontas Eorpach an Treoir um Níotráití isteach sa bhliain 1991.

(i) Tabhair breac-chuntas ar an bpríomhchuspóir atá ag an Treoir sin:

Baineann sí le cosaint uiscí in aghaidh truailliú mar gheall ar níotráití ó fhoinsí talmhaíochta – tá sé de chuspóir aici an truailliú uisce a chruthaigh nó a spreag níotráití ó fhoinsí talmhaíochta a laghdú.

(ii) Mínigh an téarma ‘Treoir’:

Is éard atá i **dtreoir** acht reachtaíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, a éilíonn ar bhallstáit toradh ar leith a bhaint amach gan an modh leis an toradh sin a bhaint amach a stiúradh.

17. Tá stocaireacht maidir le hathchóiriú an Chomhbheartais Talmhaíochta (CT) ar cheann de na ról atá ag Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA i mBéarla). Mínigh an téarma ‘stocaireacht’:

Is éard atá i gceist le **stocaireacht** ná an iarracht a dhéantar dul i bhfeidhm ar chinntí a dhéanann oifigigh sa rialtas. Déanann daoine nó grúpaí éagsúla stocaireacht, sa chás seo Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann, ar mhian leo go ndéanfar a gcuid dtuairimí ar athchóiriú CBT a admháil agus a chur i bhfeidhm.

18. De réir Dhlí Engel, caitheann grúpaí ardioncain sciar **nós lú** dá gcuid ioncain iomláin ar **bhia** ná mar a chaitheann grúpaí íseal-ioncain.

19. Tabhair breac-chuntas ar an bhfáth go mb’fhéidir go mbeadh ar fheirmeoir breithmheas ar infheistíocht a dhéanamh.

Déanann breithmheas ar infheistíocht an t-ioncam breise agus na costais bhreise a thagann as plean nó tionscadal thar am a ríomh agus baineann sé le hinfheistíocht an fheirmeora sa tionscadal iad chun cinneadh a dhéanamh ar cé acu ar dócha brabús dóthanach nó nach dócha.

20. Luaigh teorainn **amháin** a bhaineann le polasaí cabhrach bia do thíortha atá i mbéal forbartha.

Gealltanais costasach.


D’fhéadfadh sé trádáil nó táirgeadh dúchasach a chur as riocht.

Fadhbanna lóistíochúla.

6 CEISTEANNA – 4 CHEIST LE FREAGAIRT AG 50 MARC AN CEANN

1. Léirítear sa léaráid thíos an t-éileamh ar Phrátaí Éireannacha agus Soláthar na bPrátaí Éireannacha in Ollmhargaí na hÉireann. Cói-peáil an léaráid i do fhreagarleabhar.

(a) Lipéadaigh an dá áis, an t-éileamh ar phrátaí, an soláthar prátaí agus an praghas cothromaíochta in Ollmhargaí na hÉireann.



(b) Meastar go coitianta gur féidir Pasta a úsáid in ionad prátaí. Mínigh an téarma eacnamaíochta ‘earra ionaid’.

Féadtar earraí ionaid a úsáid in áit a chéile, ionas de réir mar a ardaíonn costas ceann amháin, gach rud eile mar an gcéanna, ceannóidh daoine níos mó den cheann eile. Mar shampla, Coke agus Pepsi, pasta agus prátaí. Léiríonn praghas na n-earraí sin trasleasteachas dearfach an éilimh. Dá bhrí sin, má ardaíonn an praghas ar earra amháin, ardóidh éileamh an earra eile.

(c) Mínigh, le cabhair léaráide ar leith i ngach cás, na slite a mbeadh tionchar ag **gach** ceann de na nithe seo a leanas ar an Éileamh ar Phrátaí Éireannacha **nó** ar Sholáthar na bPrátaí Éireannacha:

(i) tosaítear feachtas rathúil fógraíochta ar son prátaí Éireannacha

D’fhéadfadh cuar an éilimh athrú go hÉileamh 1. Ardóidh an praghas cothromaíochta go Praghas 1..

(ii) cuirtear ar ceal taraif ar phrátaí a iompórtáiltear

Beidh soláthar breise prátaí iompórtáilte in ollmhargaí mar thoradh ar an taraif a chur ar ceal, a d’fhéadfadh an t-éileamh ar Phrátaí Éireannacha a laghdú go hÉileamh 2, agus an praghas a laghdú ó Praghas cothromaíochta go Praghas 2.

(iii) bíonn drochaimsir san earrach ina cúis le dúchan na bprátaí

Laghdaíonn drochaimsir soláthar prátaí Éireannacha go Soláthar 1, méadaíonn ganntanas praghas prátaí Éireannacha san ollmhargadh ó Phraghas cothromaíochta go Praghas 3.

(d) Tabhair breac chuntas ar **dhá** shlí a mbíonn tionchar eacnamaíoch atá ag cogadh na bpraghsanna sna hollmhargaí faoi láthair ar an bhfeirmeoireacht.

- Bíonn ioncam laghdaithe ann d'fheirmeoirí – na hollmhargaí ag díol faoin gcostas.
- Bíonn na hollmhargaí ag iompórtáil bia – gan a bheith ag ceannach ó fheirmeoirí na hÉireann.
- Bíonn na feirmeoirí beaga brúite amach.
- Bíonn ar fheirmeoirí athrú go haschur malartach / éagsúlú.

2. (a) Tá an-tóir ar mhargaí feirmeoirí in Éirinn le blianta beaga anuas.
- (i) Mínígh an téarma “margadh feirmeoirí”.

Bíonn díoltóirí aonair – feirmeoirí den chuid is mó – i **margadh feirmeoirí** a shuiteálann bothanna, boird nó seastáin, lasmuigh nó taobh istigh, chun táirgí úra a tháirgtear go háitiúil, táirgí feola, torthaí agus ó am go ham bianna agus deochanna ullmhaithe a dhíol go díreach le tomhaltóirí. Cuireann margaí feirmeoirí luach le pobail áitiúil.

(ii) Mínígh **dhá** bhuntáiste atá ann don fheirmeoir a dhíolann a chuid táirgí ar mhargaí feirmeoirí.

- Cuidíonn na margaí le feirmeoirí leanúint lena ngnó chomh maith le hacmhainní nádúrtha a chaomhnú.
- Faigheann feirmeoirí a dhíolann go díreach leis na tomhaltóirí gan dul trí mheáncheannaí praghas níos fearr.
- Is áiteanna iontacha iad margaí feirmeoirí le bianna orgánacha baile a dhíol le tomhaltóirí.
- Cuidíonn margaí feirmeoirí le feirmeoirí naisc thábhachtacha shóisialta a choinneáil, a nascann daonraí tuaithe agus uirbeacha agus fiú comharsana gar dá chéile i malartú a thugann comhluach a shaothair.
- Bíonn an deis ag tomhaltóirí ceannach díreach ón bhfeirmeoir/táirgeoir.

(iii) Mínígh **dhá** thoisic ba chóir don fheirmeoir a chur san áireamh nuair a dhíolann sé táirgí ar mhargadh feirmeoirí.

- Caighdeán agus úire – Má táirgí d’ardchaighdeán á gcur ar fáil, spreagfaidh sé seo tomhaltóirí chun cuairt a thabhairt ar an margadh ar bhonn rialta. De bharr drochthaithí amháin, d’fhéadfadh sé tarlú nach dtiocfadh an custaiméir ar ais arís agus d’fhéadfadh impleachtaí níos tromchúisí a bheith ag scéal scéil.
- Comhsheasmhacht – Tógfaidh sé roinnt míonna sula mbunófar ainm/táirge feirmeora agus caithfear cloígh leis an margadh ar feadh sé mhí ar a laghad. Tá sé ríthábhachtach a bheith i láthair go rialta, fiú sa drochaimsir, ionas nach mbeidh díomá ar na custaiméirí.
- Cur Chun Cinn – Ionas go n-éireoidh le margadh caithfear iarracht a dhéanamh custaiméirí agus díoltóirí ionchasacha a chur ar an eolas go bhfuil nó go mbeidh margadh ann. Dá bhrí sin, tá cur chun cinn an mhargaidh ríthábhachtach i.e. agallaimh ar an raidió áitiúil nó fógraí i nuachtáin, fógraíin etc.
- Taispeántas táirgí – Tá sé tábhachtach a chinntiú go mbíonn cuma tharraingteach ar an stalla an t-am ar fad, go mbíonn sé marsantaithe mar is ceart agus go mbíonn sé mealltach don tsúil.
- Praghas – Ní mór do phraghsáil an fheirmeora a bheith iomaíoch agus ní mór gach costas a chur san áireamh sa phraghas díola. Bíonn tomhaltóirí ag iarraidh luach maith agus ardchaighdeán go síoraí, agus ba cheart d’fheirmeoirí a chinntiú go dtaispeántar praghsanna go soiléir mar sin – is féidir le heaspa comharthaí praghais cosc a chur ar thomhaltóirí smaoinemh faoi cheannach a dhéanamh.
- Blaiseadh – Tá sé tábhachtach an deis a thabhairt don líon is airde custaiméirí is féidir blaiseadh den táirge. Soláthraíonn sé an deis do chustaiméirí stopadh ag an stalla gan a bheith faoi bhrú ceannaigh.

(b) Saghas aonad gnó i gcúrsaí talmhaíochta is ea an comharchumann. Mínigh **trí** phríomhphrionsabal a bhaineann le comharchumainn talmhaíochta.

- Ba cheart do bhallraíocht a bheith deonach, gan aon leithcheala in aghaidh duine ar bith atá toilteanach glacadh le freagrachtaí na ballraíochta.
- Ba cheart do chomharchumainn a bheith ina n-eagraíochtaí daonlathacha. Ba cheart don vótáil a bheith cothrom le vóta amháin ag gach duine, beag beann ar an líon scaireanna a shealbhaítear.
- Ba cheart do scairchaipiteal díbhinn a fháil atá teoranta go docht, más ann dó.
- Is leis na baill aon bharrachas a dhéantar agus ba cheart é a dháileadh i gcomhréir le trádáil na mball leis an gcomharchumann.
- Ba cheart oideachas a thairiscint do bhaill agus don phobal i gcoitinne maidir le prionsabail agus teicníc an chomhair.
- Ba cheart comhar a bheith ann idir comharchumainn ar mhaithe le leas coiteann na mball go léir.


(c) Margadh nideoige is ea an fheirmeoireacht orgánach. Mínigh an téarma ‘margadh nideoige’ agus luaigh sampla talmhaíochta **amháin** eile.

Is éard atá i **margadh nideoige** cuid dhírithé, spriocdhírithé de mhargadh.

Tá gnólacht a dhíríonn ar mhargadh nideoige ag tabhairt faoin ngá le táirge nó seirbhís nach bhfuil soláthraithe príomhshrutha ag tabhairt faoi. Tá margadh nideoige ina **ghrúpa caolsainithe custaiméirí ionchasacha**.

Sampla: Cáis déanta sa bhaile.

3.



- (a) Míneigh an difríocht idir an Costas Imeallach agus an tIoncam Imeallach.

Is ionann **costas imeallach** agus an t-athrú ar chostais iomlána in aghaidh aonad breise aschuir.

Is ionann **ioncam imeallach** agus an t-athrú ar ioncam iomlán in aghaidh aonad breise aschuir nó ar phraghas an táirge.

- (b) Cóipeáil an léaráid i do fhreagarleabhar agus marcáil ar an léaráid an leibhéal aschuir is brabúsaí (úsáid an lipéad Q_1).

Is san áit a thrasnaíonn an dá chuar atá an leibhéal aschuir is brabúsaí (Q_1).

- (c) Míneigh cén fáth a mbeadh an brabús níos lú dá dtáirgí níos mó nó níos lú den aschur seo (Q_1).

Níos lú ná Q_1 – is féidir le brabúis méadú mar go bhfuil an costas imeallach níos lú ná ioncam imeallach.

Níos mó ná Q_1 – laghdaíonn brabúis mar go bhfuil an costas imeallach níos mó ná ioncam imeallach.

Tá sé brabúsach méadú chomh fada agus atá praghas an táirge níos mó ná a chostas imeallach.

- (d) Déan idirdhealú idir *ionchuir toisce* agus *ionchuir idirmheánacha*. Tabhair sampla **amháin** de gach ceann acu.

Is ionann Ionchuir Toisce agus na tosca a shealbhaíonn an feirmeoir.

Samplaí: Talamh, Saothar, Caipiteal, Bainistíocht

Is ionann Ionchuir Idirmheánacha agus táirgí na dtionscal & na ngnólachtaí eile.

Samplaí: cothú, leasachán

4.	(a) (i) Aschur (táirgeacht) na Feirme:		
	Díolacháin lúide ceannacháin de		
		Bainne	95,000
		Beostoic	38,000
		Barra	2,500
	Tomhaltas teaghlaigh dá tháirgeacht féin		7,500
	Athrú ar fhardail		<u>- 6,000</u>
	Aschur Feirme		137,000

(ii) Is ionann Ollchorrlach na Feirme agus	
Aschur na feirme	137,000
Lúide Costais Athraitheacha	<u>37,000</u>
Ollchorrlach na Feirme	100,000

(iii) Is ionann an tIoncam ó Fheirm an Teaghlaigh agus	
Ollchorrlach na Feirme	100,000
Lúide Costais Sheasta	<u>32,000</u>
An tIoncam ó Fheirm an Teaghlaigh	68,000

(b) (i) Luaigh **dhá** shampla de “Costais sheasta eile”.

Saothar buan
Cíos
Costais innealra féin
Rátaí.

(ii) Luaigh **dhá** shampla de chostais athraitheacha de réir mar a bhaineann siad le cúrsaí talmhaíochta.

Cothú a ceannaíodh
Leasacháin
Síolta a ceannaíodh
Saothar ócáideach
Frúiliú innealra.

5. “Ní foláir don fheirmeoir caidreamh dearfach a bheith aige le banc.”

- (a) (i) Tabhair breac-chuntas ar an bhfáth nach mór d’fheirmeoir caidreamh maith a bheith aige/aici leis an mbanc.
- D’fhéadfadh sreabhadh airgid a bheith ag teastáil de bharr luaineachta i bpraghsanna.
 - D’fhéadfadh sé tarlú go mbeadh maoiniú ag teastáil chun an gnólacht a reáchtáil ó lá go lá.
 - Tionchar na haimsire.
- (ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a bhféadfadh feirmeoir feabhas a chur ar an gcaidreamh atá aige/aici leis an mbanc.
- Cuntais a choinneáil – Cuideoidh cuntais ar ghnó feirme atá iomlán, cruinn agus cothrom-le-dáta a sholáthar le hiasachtóir atá ag déanamh measúnú ar iarratas ar iasacht.
 - Sár-eolas aige maidir lena ghnólacht – Tá sé ríthábhachtach go mbeidh sár-eolas ag feirmeoir ar a ghnólacht ionas go mbeidh sé in ann a phlean gnó a chur in iúl go héifeachtach don bhanc m.sh. eolas aige ar a chostais táirgthe, a thosca éifeachtúlachta agus a cheangaltais airgeadais reatha.
 - Bainistíocht Feirme – Tá sé ríthábhachtach plean a ullmhú don fheirm a chuireann san áireamh an neas-todhchaí agus an treo ina mbeidh an fheirm ag dul san fhadtéarma.
 - Oscailteacht leis an mBanc – Tá sé tábhachtach go gcoinneoidh iasachtaí a iasachtóir ar an eolas maidir lena ghnólacht feirmeoireachta ina iomláine, ag túscheim an iarratais ar iasacht agus ina dhiaidh sin araon. Má tá fadhb airgeadais ann, ba chóir don fheirmeoir caint lena bhanc chomh luath agus is féidir chun na roghanna is cuí a phlé.
- (b) (i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a mbeadh creidmheasa ag teastáil ó fheirmeoir sa ghearrthéarma.
- Billí costasacha práinneacha ar dheisiú trealaimh
 - Leasacháin/síolta/cothú a cheannach i mbulc chun lascaíní a fháil
 - Costais lucht oibre séasúrach.
- (ii) Mínigh conas a oibríonn rótharraingt bhainc.

Is éard atá i gceist le rótharraingt bhainc ná iasacht ó bhanc a cheadaíonn do shealbhóir cuntais reatha níos mó a thógáil ón gcuntas ná mar atá ann. Caithfidh cead roimh ré ón mbanc a bheith ag sealbhóir an chuntais reatha chun é seo a dhéanamh agus freisin cuireann an banc teorainn ar an méid a fhéadtar a fháil ar iasacht. Féadtar an t-airgead a aistarraingt agus a aisíoc ar bhonn solúbtha. Gearrtar ús ar an iarmhéid rótharraingte. Caithfear an rótharraingt a aisíoc ina hiomláine uair amháin sa bhliain.

- (c) D'ainneoin pleanáil chúramach a bheith déanta aige, tá deacracht ag feirmeoir freastal ar na sceidil chomhaontaithe íocaíochta don iasacht €100,000 a fuair sé chun innealra feirmeoireachta a cheannach.
- (i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** rogha a d'fhéadfadh a bheith ag an bhfeirmeoir.
- (ii) Mínigh na deacrachtaí a chruthódh gach rogha díobh don fheirmeoir.

Roghanna	Deacrachtaí
Sócmhainní a dhíol	Bheadh airgead breise ag teacht isteach dá bharr ach d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh ar an bhfeirmeoir sócmhainní nó réadmhaoín a fháil ar léas amach anseo.
Laghdú i gcostais mhaireachtála	Cé go mbeadh caighdeán maireachtála laghdaithe ag an bhfeirmeoir, d'fhéadfaí nach leor an coigilteas a dhéantar chun na haisíocaíochtaí iasachta a dhéanamh suas.
Fadú na tréimhse aisíocaíochtaí	Cuireann sí seo blianta breise leis an iasacht agus d'fhéadfadh sí méadú sa todhchaí a chosc.
Post páirtaimseartha a fháil chun ioncam breise a thabhairt isteach	D'fhéadfaí nach leor an t-ioncam breise ina aonar leis na haisíocaíochtaí a dhéanamh suas; ina theannta sin, bheadh níos lú ama ag an bhfeirmeoir leis an bhfeirm a chothú agus tá sé iontach deacair sna cúinsí eacnamaíochta reatha fostaíocht a fháil.

6. (a) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chuspóir atá le Comhbheartas Talmhaíochta (CT) an AE a tháinig i bhfeidhm sa bhliain 1962.
- Le táirgiúlacht talmhaíochta a mhéadú
 - Le caighdeán chóra mhaireachtála an phobail talmhaíochta a áirithiú
 - Le margai a chobhsú
 - Le fáil ar bhia a áirithiú
 - Le bia a sholáthar ar phraghsanna réasúnta.
- (b) Níor mhór an CT a athchóiriú chun dul i ngleic le dúshlán eacnamaíochta agus le dúshlán chomhshaoil an lae inniu.
Tabhair breac-chuntas ar dhúshlán eacnamaíoch **amháin** agus ar dhúshlán chomhshaoil **amháin** atá roimh an CT faoi láthair.
- Dúshlán eacnamaíochta:**
Slándáil bia
Inathraitheacht praghais
Géarchéim eacnamaíochta / Buiséad an AE
- Dúshlán chomhshaoil:**
Astaíochtaí GCT
Ídiú ithreach
Caighdeán uisce/aeir
Gnáthóga agus bithéagsúlacht.
- (c) Tá ballstáit nua tagtha isteach san Aontas Eorpach le blianta beaga anuas. Déan plé ar na slite a bhfuil tionchar aige sin ar thalmhaíocht na hÉireann.
- (i) Tuilleadh margai easpórtála;
 - (ii) Foinsí méadaithe saothair;
 - (iii) Tuilleadh deiseanna infheistíochta / Comhfhiontar;
 - (iv) Níos lú cistí forbartha tuaithe / níos lú maoinithe ar fáil;
 - (v) Táirgí nua ar an margadh/margai nideoige.

